# 1. Faisnéis faoin Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime

Is é is cuspóir don Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa seo ná cobhsú a dhéanamh ar líonra ealaíontóirí damhsa cónaitheacha ar fud na tíre agus tacú leo. Tá an scéim dírithe go sonrach ar ealaíontóirí damhsa ag obair i gcomhpháirt le hionad ealaíon, le heagraíocht ealaíon nó le féile agus/nó le húdarás áitiúil (NB: tá údarás áitiúil éigeantach do Shnáithe 1). Baineann dhá shnáithe leis an scéim seo.

### Snáithe 1: Cónaitheachtaí iomlána

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo:

- Cleachtas damhsa gairmiúil agus damhsa sa phobal a chobhsú i gcomhthéacsanna éagsúla
- Deiseanna a sholáthar d'ealaíontóirí damhsa ar fud na tíre páirt a ghlacadh i gclár oibre ealaíonta a bheidh ábhartha ó thaobh a gcleachtais féin
- Deiseanna a sholáthar d'údaráis áitiúla, d'ionaid ealaíon, d'eagraíochtaí ealaíon agus d'fhéilte ealaíon cleachtas damhsa a fhorbairt ina gceantair féin i gcomhoibriú leis an iarratasóir
- Forbairt pleanála fadtéarmaí agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí neamhspleácha damhsa a spreagadh.

### Snáithe 2: Cónaitheachtaí gearrthéarmacha

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo:

- Tacaíocht a thabhairt do chónaitheachtaí gearrthéarmacha le hionad ealaíon nó le heagraíocht nó le féile
- Deis a thairiscint chun comhar a bhunú agus an áit damhsa a fhorbairt le spriocghrúpa daoine
- Cleachtas damhsa gairmiúil agus pobail a chobhsú i gcomhthéacsanna réigiúnacha éagsúla
- Deis a sholáthar do chohóirt nua daoine le rochtain a fháil ar dhamhsa ardchaighdeáin.
- Deis a bheith ann do mheantóireacht le healaíontóirí damhsa cónaithe bunaithe.

Tabharfar tosaíocht do thograí a bheidh bunaithe ar:

- A ábhartha is atá cuntas teiste/taithí an damhsóra d'ábhar na cónaitheachta
- Soiléire na ngníomhaíochtaí atá beartaithe mar chuid de chlár comhleanúnach ealaíne
- Cáilíocht na rannpháirtíochta le pobail áitiúla
- A oiriúnaí is atá na hacmhainní ealaíne agus riaracháin don chónaitheacht damhsa
- Leibhéal dearfach na rannpháirtíochta agus na tacaíochta cómhalartaí atá idir na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an gcónaitheacht.

Snáithe 1: <u>**Ní mór**</u> tacaíocht thiomanta i scríbhinn ó údarás áitiúil amháin agus ó ionad ealaíon nó ó eagraíocht ealaíon nó ó fhéile ealaíon amháin ar a laghad a bheith in éineacht le tograí maoinithe le haghaidh Snáithe 1.

Snáithe 2: <u>**Ní mór**</u> tacaíocht thiomanta i scríbhinn ó ionad ealaíon nó ó eagraíocht ealaíon nó ó fhéile ealaíon a bheith in éineacht le tograí maoinithe le haghaidh Snáithe 2.

Ní mór ábhair shonracha an chláir oibre a bhfuil maoiniú á lorg lena aghaidh a aontú i gcomhar leis an ealaíontóir damhsa, leis an údarás áitiúil (Snáithe 1 amháin) agus leis an ionad ealaíon nó leis an eagraíocht ealaíon nó leis an bhféile ealaíon. Le haghaidh Snáithe 1 agus Snáithe 2, ag brath ar riachtanais an cheantair, d'fhéadfadh clár oibre do Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa cuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chuimsiú:

- Saothar nua cóiréagrafaíochta a chruthú le linn tréimhse taighde agus forbartha
- Léiriúcháin a chur ar siúl in ionaid ealaíon áitiúla
- Comhoibriú le healaíontóirí damhsa áitiúla nó le healaíontóirí áitiúla a shaothraíonn meáin eile
- Imeachtaí clársceidealaithe ar nós siompóisiamaí, aoi-chónaitheachtaí nó cláir dhamhsa
- Comhoibriú le healaíontóirí damhsa eile i gcónaitheachtaí ar fud na tíre
- Ceardlanna agus ranganna damhsa áitiúla a threorú
- Oibriú i scoileanna áitiúla chun tuiscint phraiticiúil ar dhamhsa agus díospóireacht acadúil faoi dhamhsa a chothú
- Oibriú le grúpaí damhsa don óige
- Oibriú mar mheantóir le healaíontóirí, le lucht féachana agus le grúpaí eitneacha mionlaigh agus le grúpaí míchumais
- Cabhrú le hionaid ealaíon áitiúla, eagraíochtaí ealaíon nó féilte ealaíon chun cláir ghairmiúla damhsa a chur chun cinn
- Comhairle a chur ar stiúrthóirí na n-ionad ealaíon áitiúil, na n-eagraíochtaí ealaíon nó na bhféilte ealaíon faoi chlársceidealú damhsa ghairmiúil.

Tabhair faoi deara nach mbaineann an scéim seo ach le gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl sa tréimhse 2025/2026 cé go bhféadfaidh an chónaitheacht a bheith ar siúl ar feadh roinnt blianta.

### Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní mór buiséad mionsonraithe ina leagtar amach an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcónaitheacht bheartaithe a chur isteach le hiarratais faoin Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa. Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas iomlán** agus an t-**ioncam iomlán** a shonraíonn tú i do bhuiséad mionsonraithe.

- Ba chóir go mbeadh na costais a bhaineann le luach saothair* an ealaíontóra damhsa agus costais ar bith a bhaineann leis an gcónaitheacht san áireamh sa **chaiteachas iomlán** – e.g. na costais uile a bhaineann le cur chun cinn agus poiblíocht, costais riaracháin, etc.
- Ba chóir an t-ioncam uile a bhaineann leis an gcónaitheacht damhsa a bheith san áireamh san **ioncam iomlán**, an méid airgid a bhfuil tú ag súil lena fháil ó mhaoinitheoirí eile, ó chomhpháirtithe léiriúcháin, ó fháltais, ó dhíol clár, ó urraíocht tráchtála, ó thiomsú airgid, etc. san áireamh.

Is tábhachtach freisin gach tacaíocht chomhchineáil** a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl.

| | |
|---|---|
| *** Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá beartas foilsithe ag an gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Áirítear anseo prionsabail an chleachtais is fearr ar cheart dóibh siúd ar fad a oibríonn sna healaíona a bheith ag dréim leo. |

